# An tAcht um Inscne a Aithint 2015

## *Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2017*

a ullmhaíodh de réir ailt 6 den Acht

**An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí**
Department of Employment Affairs and Social Protection

# Clár

1. Réamhrá ... 1

2. Cúlra ... 1

3. Leasuithe ... 2

4. Seirbhísí Aitheantais na gCliant ... 3

5. An Phríomh-Oifig Chlárúcháin (Oifig an Ard-Chláraitheora) ... 3

6. Staitisticí – An tAcht um Inscne a Aithint 2015 ... 4

    Iarratais ar Dheimhniú Aitheantais Inscne ... 5

    Clárúcháin ar an gClár Aitheantais Inscne ... 6

    Daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn ach nár rugadh in Éirinn ... 6

    Aitheantas i ndlínse eile ... 6

    Cúlghairmeacha ... 6

    Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne ... 6

7. Staitisticí Eile ... 7

    Acht na bPasanna 2008 ... 7

    Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956 ... 7

    An tAcht Uchtála 2010 ... 7

8. Athbhreithniú ar Oibriú an Achta ... 8

## 1. Réamhrá

Achtaíodh an tAcht um Inscne a Aithint 2015 ("an tAcht") an 22 Iúil 2015 agus tháinig sé i ngníomh an 4 Meán Fómhair 2015. Is de réir ailt 6 den Acht a dhréachtaítear an Tuarascáil Bhliantúil seo. Tuairiscítear go háirithe sa Tuarascáil ar iarratais a rinneadh ar dheimhniú aitheantais inscne, iarratais ina mbíonn aitheantas ag an iarratasóir cheana i ndlínse eile, cúlghairmeacha ag an Aire ar dheimhnithe aitheantais inscne, iarratais ag an sealbhóir ar dheimhniú aitheantais inscne a chúlghairm agus deimhniú aitheantais inscne a cheartú.

Is í seo an tríú tuarascáil le bheith foilsithe faoin Acht agus cuimsíonn sí an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017. Tá tuarascálacha bliantúla ó bhlianta roimhe sin le fáil ar http://www.welfare.ie/en/Pages/Gender-Recognition.aspx

## 2. Cúlra

Ba ó Ordú de chuid na hArd-Chúirte i Márta 2008 a d'eascair an gá le reachtaíocht a thabhairt isteach sa réimse seo. Dearbhaíodh san Ordú go raibh ailt áirithe den Acht um Chlárú Sibhialta 2004 ar neamhréir le dualgais an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine toisc nach ndearnadh foráil maidir le próiseas aitheantais inscne. Pléitear leis seo san Acht trína fhoráil go n-aithneoidh an Stát rogha inscne an duine go hiomlán chun gach críche. Baintear é seo amach trí dheimhniú aitheantais inscne a bheith eisithe ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Luaitear go sonrach in alt 18 den Acht:

> *'I gcás go n-eiseofar deimhniú aitheantais inscne chuig duine, is í inscne an duine ó dháta na heisiúna sin, chun gach críche, an rogha inscne sa dóigh, más í an inscne fhireann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas fir, agus, más í an inscne bhaineann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas mná.'*

Áirítear le heochairéifeachtaí eile na reachtaíochta dóibh siúd ar mian leo go n-aithneofar a n-inscne:

- Is féidir leis an duine a n-aithnítear a rogha inscne deimhniú nua breithe a fháil ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin (Oifig an Ard-Chláraitheora) ina dtaispeántar an rogha inscne agus na hainmneacha nua (má dhéantar athrú ar na hainmneacha freisin) i gcás go gcláraítear a bhreith/breith in Éirinn.

- Ní dhéantar difear do chearta ná do dhliteanais duine ná d'iarmhairtí gnímh arna dhéanamh ag an duine ina inscne/hinscne bhunaidh roimh dháta an aitheantais.

Áirítear le príomhghnéithe an Achta forálacha ina leith seo a leanas:

- Samhail féindearbhúcháin a thabhairt isteach do dhaoine trasinscne atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin;
- An téarma 'rogha inscne' a úsáid i bhfoclaíocht an Achta;
- Bealach i dtreo an aitheantais a chur ar fáil do dhaoine atá idir 16 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois;
- Foráil go gcuirfear tús le hathbhreithniú foirmiúil ar oibriú an Achta tráth nach déanaí ná dhá bhliain ó thráth a thosach feidhme; agus
- An reachtaíocht a chur in oiriúint chun pasanna a eisiúint chuig daoine trasinscne.

### 3. Leasuithe

D'fhoráil an tAcht ar dtús nár mhór d'iarratasóir ar dheimhniú aitheantais inscne a bheith neamhphósta (bhí sé seo riachtanach fad a bhí toradh na n-agóidí dlíthiúla in aghaidh an Reifrinn ar an gComhionannas Pósta ar feitheamh). I ndiaidh dhíbhe na n-agóidí dlíthiúla, rinneadh leasú ar an Acht um Pósadh 2015 a chuir deireadh leis an gceanglas nár mhór do dhuine a bheith neamhphósta.

### 4. Seirbhísí Aitheantais na gCliant

Is é rannán Sheirbhísí Aitheantais na gCliant sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a dhéanann próiseáil na n-iarratas ar dheimhnithe aitheantais inscne. Tá an rannán freagrach as aitheantas na gcustaiméirí a shuíomh agus a fhíordheimhniú chomh maith le tacú le creat beartais aitheantais a fhorbairt chun seirbhísí bainistíochta aitheantais a rialú agus a sholáthar.

Tá réimse Bhainistíocht Cáilíochta na Sonraí ar cheann de na heochair-réimsí feidhmiúla i Seirbhísí Aitheantais na gCliant. Ó Iúil 2015, tá freagracht ar bhuíon bheag de thriúr ón réimse sin as oibriú an Achta, lena n-áirítear próiseáil na n-iarratas ar dheimhnithe aitheantais inscne. Ní féidir ach le buíon na ndeimhnithe aitheantais inscne i réimse Bhainistíocht Cáilíochta na Sonraí teacht ar an gcóras trína ndéantar próiseáil na n-iarratas. Is comhchuid bhithriachtanach de phróiseas iarratais na ndeimhnithe aitheantais inscne í an rúndacht. An túisce a dhéantar próiseáil an iarratais, cuirtear na taifid bord ar bhord leis an inscne nua. Tríd agus

tríd, eisítear deimhniú aitheantais inscne chuig an gcliant laistigh de 2-3 lá oibre tar éis an cinneadh deonúcháin a dhéanamh.

## 5. An Phríomh-Oifig Chlárúcháin (Oifig an Ard-Chláraitheora)

Is éard atá sa Phríomh-Oifig Chlárúcháin (Oifig an Ard-Chláraitheora) ná an taisclann shibhialta lárnach i dtaca le taifid a bhaineann le breitheanna, marbh-bhreitheanna, básanna, póstaí, páirtnéireachtaí sibhialta agus uchtálacha in Éirinn. Oibríonn sí faoi scáth na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus is í atá freagrach as riarachán na Seirbhíse um Chlárú Sibhialta in Éirinn.

Tá an tArd-Chláraitheoir freagrach as bainistiú agus rialú a dhéanamh ar an gcóras clárúcháin in Éirinn ach tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagrach as an tSeirbhís um Chlárú Sibhialta a sheachadadh ó lá go lá trí líonra d’oifigí áitiúla na seirbhíse um chlárú sibhialta ar fud an Stáit.

Leasaigh an tAcht um Inscne a Aithint 2015 an tAcht um Chlárú Sibhialta 2004 trína cheangal ar an Ard-Chláraitheoir clár aitheantais inscne a bhunú agus a oibriú. Nuair a bheidh deimhniú aitheantais inscne faighte ag duine, féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh ar a bheith ar áireamh sa chlár seo. Ceadóidh sé seo go n-eiseofar ón gclár deimhniú breithe ina dtaispeánfar inscne nua an duine. Ós rud é gur cuid ríthábhachtach den phróiseas aitheantais inscne atá sa phríobháideachas, is faoi rún atá an clár aitheantais inscne agus an nasc le clárúchán bunaidh na breithe. Chun a thuilleadh rúndachta a chinntiú, ní fhéadfar na deimhnithe breithe ina dtaispeánfar an inscne nua a fháil ach ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin (Oifig an Ard-Chláraitheora), agus ní fhéadfaidh ach an duine lena mbaineann an deimhniú breithe nó, má tá sé/sí marbh, an teaghlach marthanach, é sin a dhéanamh.

## 6. Staitisticí – An tAcht um Inscne a Aithint 2015

***Iarratais ar Dheimhniú Aitheantais Iarratais***

Ba é líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a fuarthas sa bhliain 2017 ná 99. Sonraítear i **dTábla 1** líon iomlán na ndeimhnithe aitheantais inscne arna n-eisiúint de réir aoise:

**Tábla 1 - Deimhnithe Aitheantais Inscne**

| Bliain | Iarratais a Fuarthas | | | Iarratais ar Géilleadh dóibh | | | Iarratais a Diúltaíodh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 16/17 de bhlianta | 18+ de bhlianta | Iomlán | 16/17 de bhlianta | 18+ de bhlianta | Iomlán | 16/17 de bhlianta | 18+ de bhlianta | Iomlán |

| | d'aois | d'aois | | d'aois | d'aois | | d'aois | d'aois | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2017** | 3 | 96 | **99** | 2 | 97 | **99**[1] | Dada | 1 | **1** |
| **2016** | 6 | 104 | **110** | 6 | 103 | **109**[2] | Dada | Dada | Dada |
| **2015**[3] | 2 | 87 | **89** | 2 | 87 | **89** | Dada | Dada | Dada |
| **Iomláin** | **11** | **287** | **298** | **10** | **287** | **297** | **Dada** | **1** | **1** |

Faoi alt 8(3) den Acht, is féidir leis an Aire breith a thabhairt deimhniú aitheantais inscne a eisiúint nó diúltú deimhniú aitheantais inscne a eisiúint. Más rud é go dtabharfar breith iarratas a dhiúltú, ní mór don Aire, faoi alt 8(5), an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis an mbreith agus faoi cheart an iarratasóra chun achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe chuig an gCúirt Teaghlaigh Chuarda laistigh de 90 lá ó dháta an fhógra. Áirítear leis na cúiseanna féideartha leis an diúltú an t-iarratasóir gan a bheith ina dhuine a fhéadfaidh iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a dhéanamh (mar a fhoráiltear in alt 9 den Acht); rogha inscne an duine a bheith de chineál eile seachas inscne fhireann nó inscne bhaineann, rud nach bhfuil faoi chumhdach fhorálacha an Achta; nó an t-iarratas a bheith i leith duine a bhfuil 16 nó 17 de bhlianta d'aois slánaithe aige nó aici ach gan an díolmhú ón gcúirt a cheanglaítear faoi alt 12.

***Clárúcháin ar an gClár Aitheantais Inscne***

Léirítear i **dTábla 2** líon iomlán na gclárúchán ar an gClár Aitheantais Inscne de réir aoise. Rinneadh 60 clárúchán go hiomlán ar an gClár Aitheantais Inscne i rith na bliana 2017:

**Tábla 2 - Clárúcháin ar an gClár Aitheantais Inscne de réir aoise**

| Bliain | 16/17 de bhlianta d'aois | 18+ de bhlianta d'aois | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **2017** | 0 | 60 | **60** |

[1] Dhá Iarratas ar láimh an 31 Nollaig 2017 – Tá siad seo le próiseáil sa bhliain 2018

[2] Iarratas amháin ar láimh an 31 Nollaig 2016 – Próiseáilte sa bhliain 2017

[3] Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2016** | 6 | 71 | **77** |
| **2015**[4] | 2 | 54 | **56** |
| **Iomláin** | **8** | 185 | **193** |

### *Daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn ach nár rugadh in Éirinn*

Faoi alt 9(1)(b) den Acht féadfaidh duine a bhfuil cónaí air/uirthi sa Stát ach nár rugadh in Éirinn iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. Ba chuig daoine a raibh cónaí orthu sa Stát ach nár rugadh in Éirinn a eisíodh 26 de na 99 ndeimhniú aitheantais inscne a eisíodh sa bhliain 2017. Bhí gach duine de na hiarratasóirí 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin. Tá 55 dheimhniú aitheantais inscne eisithe go hiomlán faoin alt seo ó thosach feidhme an Achta.

### *Aitheantas i ndlínse eile*

Ceadaíonn alt 11(2) den Acht do dhuine a d'athraigh a inscne/hinscne i ndlínse eile iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. Ní bhfuarthas aon iarratas faoin alt seo i rith na bliana 2017. Tá 4 dheimhniú eisithe go hiomlán faoin bhforáil seo ó thosach feidhme an Achta.

### *Cúlghairmeacha*

Faoi alt 14 den Acht is féidir leis an Aire deimhniú aitheantais inscne a chúlghairm má fhaightear faisnéis a bheadh ina cúis le diúltú an deimhnithe, dá bhfaighfí an fhaisnéis sin sular eisíodh an deimhniú. Ní raibh aon deimhniú aitheantais inscne cúlghairthe ag an Aire sa bhliain 2017 faoin alt seo.

I gcás gur mian le sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne filleadh ar a inscne/hinscne bhunaidh, ceadaíonn alt 15 den Acht dó/di iarratas a dhéanamh chun an Aire ar an deimhniú a chúlghairm. Fuarthas dhá iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a chúlghairm faoin alt seo sa bhliain 2017 agus géilleadh don dá iarratas seo. Seo iad na haon chúlghairmeacha amháin a rinneadh ó thosach feidhme an Achta.

### *Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne*

Faoi alt 16 den Acht is féidir le sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne iarratas a dhéanamh chun an Aire ar an deimhniú a leasú más ann d'earráid chléireachais

[4] Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

nó earráid fíorais in ábhar an deimhnithe.  Fuarthas agus próiseáladh dhá iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a leasú sa bhliain 2017. Seo iad na haon leasuithe a rinneadh ó thosach feidhme an Achta.

## 7. Staitisticí Eile

### *Acht na bPasanna 2008*

Leasaíonn alt 38 den Acht um Inscne a Aithint 2015 Acht na bPasanna 2008 sa dóigh go bhféadfaidh sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne iarratas a dhéanamh chun an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun go n-eiseofar pas faoin ainm agus san inscne a bheidh sonraithe sa deimhniú aitheantais inscne.

D'eisigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála 25 phas chuig sealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne i rith na bliana 2017 – níor eisíodh aon cheann acu seo chuig daoine a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá 50 pas eisithe ó thosach feidhme an Achta chuig sealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne, agus bhí 5 acu faoi bhun 18 mbliana d'aois.

### *Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956*

Ionas gur féidir cead a thabhairt do dhuine ar chlár na mbreitheanna coigríche a chur faoi deara go n-aithneofar a rogha inscne, leasaigh alt 31 den Acht um Inscne a Aithint 2015 Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956 chun foráil a dhéanamh go ndéanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála clár aitheantais inscne na mbreitheanna coigríche a bhunú agus a chothabháil. Níorbh fhéidir iarratas a dhéanamh faoin bhforáil seo roimh an 1 Nollaig 2017 nuair a tháinig rialacháin i ngníomh a thug éifeacht don alt seo[5]. Ní dhearnadh aon iarratas faoin bhforáil seo sa bhliain 2017.

### *An tAcht Uchtála 2010*

Leasaíonn alt 33 den Acht um Inscne a Aithint 2015 an tAcht Uchtála 2010 chun cead a thabhairt d'Údarás Uchtála na hÉireann "clár aitheantais inscne na n-uchtálacha idir tíortha" a bhunú. Rinneadh dhá chlárúchán a chur isteach ar chlár aitheantais inscne na n-uchtálacha idir tíortha i rith na bliana 2017. Fuarthas 4 iarratas go hiomlán faoin bhforáil seo ó thosach feidhme an Achta.

---

[5] Baineann I.R. Uimh. 539/2017 – Na Rialacháin um Aitheantas Inscne na mBreitheanna Coigríche 2017 leis seo. Tá an Ionstraim ar fáil anseo: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/539/made/en/print

## 8. Athbhreithniú ar oibriú an Achta

Forálann alt 7 den Acht go gcuirfidh an tAire tús le hathbhreithniú ar oibriú an Achta tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis don Acht teacht i ngníomh.

Cheap an tAire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Soisialaí, Regina Doherty, T.D., Grúpa Athbhreithniúcháin faoi chathaoirleacht Moninne Griffith (Belong To) atá comhdhéanta d'ionadaithe ó eagraíochtaí tacaíochta agus abhcóideachta agus Ranna Rialtais ar suim leo an réimse seo. Is iad atá ar an nGrupa Athbhreithniúcháin ná na daoine seo a leanas:

Moninne Griffithe (Belong To)[6] (Cathaoirleach)
Sara Philips (Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne - LÉCT/TENI)[7]
Tanya Ní Mhuirthile (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)
Joanne Byrne (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige)
Séamus Byrne (Individuality)[8]
Michele Clarke (An Príomhoibrí Sóisialta, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige)
Anne O'Donnell (Hub na nÓg)[9]
Adam Egan (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais)
Olive McGovern (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige)
Gráinne Morrissey (An Roinn Oideachais agus Scileanna)
Nuala Ní Mhuircheartaigh (An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála)
Dearbhaill Nic Giolla Mhichíl (An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Soisialaí)
Diane Nurse (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)
Tracy O'Keeffe (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais)

---

[6] Is é is Belong To ann ná an eagraíocht náisiúnta a thacaíonn le daoine óga in Éirinn atá leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach nó idirghnéasach (LADTI+/LGBTI+) agus atá idir 14 agus 23 de bhlianta d'aois.

[7] Is éard atá i Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (LÉCT/TENI) ná an eagraíocht náisiúnta a fhéachann le feabhas a chur ar dhálaí na ndaoine trasinscneacha agus ar dhálaí a dteaghlach agus le cearta agus comhionannas na ndaoine trasinscneacha agus a dteaghlach a chur ar aghaidh.

[8] An gasra ógra do dhaoine trasinscneacha óga de chuid Belong To i mBaile Átha Cliath

[9] Eagraíocht a thacaíonn le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chun guth a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar a gcuid saoil

Gavan O'Leary (An Roinn Oideachais agus Scileanna)

Cuireann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Soisialaí an rúnaíocht ar fáil.

Ba i Samhain 2017 a thosaigh an Grúpa Athbhreithniúcháin a chuid oibre.

Ní foláir don Aire tuarascáil maidir leis na fionnachtana a rinneadh san athbhreithniú, agus na tátail a baineadh as na fionnachtana, a thíolacadh do gach Teach den Oireachtas tráth nach déanaí ná 12 mhí i ndiaidh thús an athbhreithnithe.

Is iad Téarmaí Tagartha an Ghrúpa ná:

1. Tuarascáil a chur ar fáil don Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Soisialaí ar oibriú an Achta um Inscne a Aithint 2015 óna thosach feidhme.
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe reatha faoin Acht um Inscne a Aithint 2015, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó sin:
   a) (i) Leanaí atá idir 16 agus 17 de bhlianta d'aois
      (ii) Leanaí atá níos lú ná 16 bliana d'aois,
   b) Daoine nach ndéanann féinaithint ar a ngnéas féin mar ghnéas fir ná mar ghnéas mná (mar shampla, daoine neamhdhénártha), agus
   c) Aon tsaincheist eile amhail dálaí idirghnéasacha.
3. Féachaint ar na socruithe atá i bhfeidhm i dtíortha eile.
4. Dul i gcomhairle go fairsing forleathan le páirtithe leasmhara a bhaineann le hábhar, lena n-áirítear iad siúd lena ndeachthas i gcomhairle agus an tAcht um Inscne a Aithint 2015 á ullmhú agus cuntas a thabhairt don Aire ar an bpróiseas comhairliúcháin.
5. Moltaí ar bith a dhéanamh don Aire, a eascraíonn de thoradh athbhreithniú an Ghrúpa ar an Acht um Inscne a Aithint 2015 i ndáil le hoibriú an Achta
6. Ba chóir go mbeadh, agus b'fhearrde go mór go mbeadh, tuarascáil an ghrúpa athbhreithniúcháin críochnaithe agus tíolactha don Aire Fostaíochta agus Coimirce Soisialaí faoi dheireadh Bhealtaine na bliana 2018.

***Meitheamh 2018***